

An Bord Pleanála: Turascáil Bhliantiúil 2008

Rabhadh ó Chathaoirleach an Bhoird Pleanála ar eagla go laghdófar caighdeáin pleanála i rith na tréimhse lag-eacnamaíoch seo.

Ag foilsiú na turascála bliaintúla an Bhoird Pleanála 2008 ar an 14ú lá de mhí Dheireadh Fómhair, 2009, dúirt, an tUasal Seán Ó Conchúir go mbeidh sé mí-cheart aon laghdú a chur i bhfeidhm ar an gcaighdeán pleanála mar fhreagra ar na fadhbanna eacnamaíochta atá againn i rith na tréimhse seo.

Ag an am seo ach go háirithe caithfidh cloí leis na bun-prionsabail pleanála inchothaithe ionas go mbeimid in ann ár gcomhshaoil a chosaint, agus chun déileáil le hathrú aeráide chun infheistíocht ar infreastuctúr costasach a dhéanamh níos eifeachtaí, chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní talún agus chun muinín a chur ar ais sa chóras pleanála trí forbairtí ard-caighdeán atá lonnaithe i áiteanna oiriúnaí. Bhí an iomarca criosú talún nach raibh inchothaithe agus bhí sé sin i measc cúiseanna an ‘property bubble’ agus a thoradh. Tá meadú fianaise ann go bhfuil a lán den criosú seo le fáil sna pleananna údaráis áitiúla. Dá mbeadh fonn orainn chun teacht ar ais go stadús pleanála forbartha ceart caithfí criosú den sórt seo a cur ar ceal ar chuid den talún seo i dtreo go beidh margadh inchothaithe in ann teacht ar ais. Dúirt an Cathaoirleach go mbeifí ag súil go mbeadh an Bille Pleanála atá ós gcomhair an Oireachtais in ann déileáil i slí cruinn agus inchothaithe le fadhbanna criosaithe agus is freagra fáilteach é maidir leis na tréithe a bhí an Cathaoirleach á gcáineadh i rith na blianta seo caite arís is arís. Caithfidh aon duine atá ag smaoineamh ar luachanna maoiné anois gan a bheith ag féachaint ar an gcriosú atá le fáil amháin ach ar na háiseanna atá le fáil mar shampla seirbhísí, infreastuctúr, ar chaighdeán pleanála maithe, dlús, airde, agus ar an impleacht ar áiseanna agus ar méadú uirbeach ordúil. Tá costais fadtéarmach i gceist mar gheall ar cúrsaí comhshaoil, eacnamaíoch agus soisialta agus ní féidir ach caighdeáin pleanála ceart a chur i bhfeidhm ar beartaithe forbartha fiú i gcásanna ina mbeadh ceangal ann idir tailte agus droch-iasachtaí.

LÍON CÁSANNA

I rith 2008 fuair an Bord 5,800 cásanna, cé go raibh laghdú le feiceáil i gcomparáid leis an mbliain 2007 bhí an méid cásanna fós ard agus de bharr sin bhí an Bord fós faoi bhrú i 2008. Bhí an méid cásanna is mó idir lámha ariamh ag an mBord i mí Márta, 2008 níos mó ná 3,000 cásanna. De bharr an laghdú ar chásanna atá ag teacht isteach (níos mó ná 30 %) agus na bearta speisialta curtha i bhfeidhm ag an mBord chun déileáil leis na sean cásanna tá an méid idir lámha tite go 1,550. An mhí seo caite bhí 36 % de cásanna déanta laistigh de cuspóir reachtúil 18 seachtaine agus ar mheán caitheadh 20.6 seachtain chun cás a chur le lámh. Cúis aiféala don Bhord é an mhoill a bhí ag tarlú agus creideann an Bord go mbeidh siad in ann sar i bhfad cinntí a thabhairt i gnáth cásanna gan mhoill.

GNÉITHE GINEARÁLTA I dTUAIRISC 2008

Seo iad a leanas roinnt de ne gnéithe ginearálta a bhí leagtha amach i dtuarascáil 2008:

- Tháinig méadú ar an méid achomharc a thug daoine in aghaidh cinní ón údarás pleanála ón 6.7% go 8.1% (bhí 46% de na hachomhairc seo ó tríú páirtithe).
- Fanann an ráta freaschuir mar gheall ar chinntí áitiúla a ndearnadh achomharc fúthu agus a bhí á malartú ag an mBord ag figiúir 33%.
- I gcásanna achomharc chéad páirtithe a bhí diúltaithe ag an údarás pleanáil, fuair 28 % cead ón mBord Pleanála, (athraithe ó 29% i 2007).
- I gcásanna achomharc tríú páirtithe in aghaidh iarratas a bhí ceadaithe ag na húdarás Pleanála, bhí 39% diúltaithe ag an mBord, (athraithe ó 37% i 2007).

GNÍOMHÚ ACHT UM PHLEANÁIL AGUS FHORBAIRT (INFRASTRUCHTÚR STRAITÉISEACH) 2006

Ó tháinig an tAcht isteach i 2007 go deireadh mí Meán Fómhar fuair an Bord 137 iarratas nua ó na urraitheoirí tionscadail chun tosú ar chomhairliúcháin réamhiarratais. Tionólaíodh 212 cruinniú. I 97 cásanna cuireadh deireadh leis na comhairliúcháin. I 33 de na cásanna socraíodh ag an mBord gurb cásanna infrastruchtúra straitéiseacha a bhí iontu, i 46 de na cásanna ceapadh nach cásanna infrastruchtúra straitéiseacha iad agus aistarraingíodh 18 cinn eile.

Fuair an Bord 15 iarratas foirmiúil “seachtú sceideal” i gcomhair chead pleanála. Socraíodh ocht gcinn agus cead eisithe i gceithre cinn, trí chinn diúltaithe agus ceann amháin tarraingt siar. Socraíodh agus ceadaíodh dhá cheann ordú iarnróid. Tá sé gcinn iarratas gáis curtha faoi bhráid an Bhoird agus fáil éigeantach talamh a bhaineann leo. Tá cead faighte i gceithre gcinn agus bhí dhá cheann tarraingt siar. Socraíodh dhá cheann iarratas líne leictreachais agus tá cead faighte ag an bhforbairt. I 11 gcás de 15 rinne an Bord a chinnidh laistigh de cuspóir reachtúil 18 seachtaine. I gcuid de na cásanna d’úsáid an Bord a gcuid gcumas faoi Acht chun athrú suntasach a chur i bhfeidhm ar na forbairtí sula mbeadh cead faighte acu. Faoi láthair tá an Bord an déileáil le seacht iarratas “seachtú sceideal”, ceann a bhaineann le ordú iarnróid (An Metro Thuaidh), dhá cheann leictreachas agus dhá cheann iarratas gáis (agus fáil éigeantach talamh a bhaineann leo).

De réir an taithí atá faighte ag an mBord ceaptar go bhfuil an-tábhacht ag baint leis an gcóras chomhairliúcháin réamhiarratais chun na nithe is tábhachtaí a bhaineann leis an iarratas a aithint (níl sé mar aidhm ag an bpointe sin breithiúnas a thabhairt ar an iarratas áfach). De gnáth tógann sé trí nó ceithre cruinniú chun an cuspóir seo a bhaint amach.

Uaireanta, áfach níl cuid de na hiarratasóirí ró-shoiléir ag cur a gcuid beartaithe os comhair an Bhoird (fiú amháin níl an suíomh ainmnithe). Tá sé mar tréith ag na hiarratais ón gcomhpháirtíochtaí phríobháideach/phoiblí gan ach an imlíne a thaispeáint agus sonraí mar gheall ar an dearadh, eifeachtaí agus caighdeán a fhágaint dos na forbróirí chun iad a shocrú. Níl an Bord sásta faoi seo mar caithfidh an Bord measúnacht tionchar comhshaoil a dheánamh agus de réir na dualgais dlí atá ar an mBord ní féidir leis an mBord aon difríocht a dhéanamh idir comhpháirtíochtaí phríobháideach/phoiblí agus gnáth-forbairtí. Tá inní fresin ar an mBord nach bhfuil roinnt de na hiarratasóirí ag déileáil go hiomlán leis na húdaráis áitiúla nó na comhlachtaí forordaithe (mar a mholann an Bord i rith na comhairliúcháin réamhiarratais) roimh an t-iarratas a chur isteach. Siníonn sé sin an fhad is a bhíonn éisteachtaí ó bhéal ar siúl agus, freisin, spreagann sé níos mó éilimh ar eolas breise nach mbeadh gá leis dá mbeadh rudaí i gceart ón dtús.

Nuair a sheoladh an tAcht Um Phleanáil Agus Fhorbairt (Infrastruchtúr Straitéiseach) 2006, gheall mé go mbeadh gach tionscadal ag dul faoi mion-scrúdú géar maidir leis a chuid impleachtaí comhshaoil agus pleanála. Creidim go bhfuil sé le feiceáil ag an bpobal go bhfuilimid ag comhlíonadh an gealltanais. Tá sé mar pholasaí ginéarála ag an mBord éisteachtaí ó bhéal a chur i bhfeidhm ionas go mbeadh an deis is fearr ag an bpobal a gcuid tuairimí a chur in iúl.

DLÚS TITHÍOCHTA

Dúirt an Cathaoirleach go raibh cúram air go mbeadh fonn ar forbróirí dul ar ais agus dlús tithíochta níos ísle a chur i bhfeidhm. Níl sé mar aidhm ag na polasaithe náisiúnta dul ar ais go dtí na sean nósanna seo mar bheadh an t-athrú seo ag dul in aghaidh na aidhmeanna náisiúnta, pobal níos inchothaithe a bhunú sa toadhcháil, toradh níos fearr a bhaint as infreastuctúr costasach, neartú ar an gcomhshaol cothaithe agus laghdú a chur ar an méid sraoilleála uirbeach. Chuir an Cathaoirleach foláireamh roimh forbróirí go mbeidh scrúdú docht daingean déanta ar forbairtí ag lorg cead leasaithe ina mbeadh dlús tithíochta níos ísle ná atá leagtha amach sna Treoirí Pleanála ar Phobal Inchothaithe go háirithe sna príomh-cathracha/bailte.

ÁISEANNA SPÓIRT A DÍ-LÁRÚ:

Dúirt an Cathaoirleach go raibh sé feicthe ag an mBord le blianta beaga anuas roinnt mhaith cásanna mar gheall ar beartaithe chun áiseanna spóirt, atá lonnaithe i measc pobail uirbeach a bhogadh óna gcuid láithreáin go dtí áiteanna iargúlta. Dhiúltaigh an Bord cead a thabhairt i gcuid dena gcásanna toisc nach raibh bealach isteach ceart ann, baol don trácht sábhailte agus easpa seirbhísí agus laghdú ar áiseanna uirbeacha. Uaireanta fuair na beartaithe seo cabhair ón gcinntí a bhí déanta ag na húdaráis pleanála maidir leis an gciosú talún agus iad bunaithe ar tuairimí caol go leor. Cé go raibh sé de dhualgas ar an mBord féachaint ar gach cás ar a shon féin, dúirt an Cathaoirleach go mbeadh sé buartha maidir leis na torthaí fad-téarmach a leanfaidh na beartaithe seo. Dá mbeadh áiseanna spóirt dí-láraithe ó áiteanna inchothaithe bheadh seans ann go gcaillfaí buntáiste fisiceach agus sóisialta agus go mbeadh laghdú ar an méid daoine a ghlacann páirt sna spóirt.

GÁ CHUN AN STRUCTÚR PLEANÁLA ÁITIÚIL A ATH-EAGRÚ

Meastar go forleathan go bhfuil gá ann chun an tseirbhís poiblí a ath-eagrú. Mar shampla feictear go bhfuil roinnt fadhbanna le fáil i gcúrsaí pleanála áitiúla. Tá 88 údarás pleanála i bhfeidhm sa tír seo le daonrath timpeall 4.4 milliún. Athnítear go bhfuil sé tábhachtach an nádúr áitiúil a chosaint ach ag an am céanna tá a lán údaráis ann le limistéir ró-bheag agus scoilte chun déileáil i gceart le cúrsaí pleanála, mar shampla chun infreastuctúr éifeachtach a sholáthar, chun forbairt straitéiseach a lonnú sa todhchaí nó acmhainní uisce a bhainistiú. Chomh maith le sin ní féidir a bheith ag tnúth go mbeadh na scileanna agus taithí go léir le fáil agus atá ag teastáil i réimse nua-aimseartha agus ag an am céanna ag déileáil le reachtanna ag éirí níos casta ó thaobh cúrsaí pleanála agus comhshaoil. Uaireanta cuirtear cinntí i bhfeidhm atá bunaithe ar cúiseanna comórtais áitiúla in ionad cinntí a bheith bunaithe ar cúiseanna inchothaithe fad-téarmach. Go háirithe feictear an scéal seo ar siúl ar imeall cathracha áirithe agus bailte móra. Creidim an Cathaoirleach go láidir go gcaithfear ath-eagrú a chur i bhfeidhm ar an seirbhís poiblí ionas go mbeidh córas pleanála níos éifeachtúla le fáil ar mhaithe le caighdeán córas pleanála agus seirbhíse poiblí.

TREORACHA COMHSHAOIL ÓN AONTAS EORPACH

Ní bhíonn aon amhras ach bíonn tioncar láidir ag na Treoracha ón Aontas Eorpach in Éirinn agus ar fud na hEorpa chun an comhshaoil a chosaint. Ina gcinntí bíonn an Bord ag tabhairt éifeacht dos na treoracha ón Aontas Eorpach mar atá siad leagtha amach i reachtanna na hÉireann. Go háirithe na treoracha a mbaineann leis na measúnachta tionchair comhshaoil gnáthóga agus éin. Tá roinnt mhaith cinntí tugtha ón gCúirt Bhreithiúnais san AE le déanaí agus tugadh léirmhíniú dian go leor ar na teoracha agus cáineadh déanta ar an tslí ina bhfuil siad curtha i bhfeidhm in Éirinn agus i mballstáit eile. Tá a fhios ag an mBord go gcaithfidh sé scrúdú a dhéanamh a bheith ar aon dul leis na treoracha agus seans a thabhairt don phobal a bheith páirteach san chóras chinnteoireachta mar atá sé leagtha amach sna Treoracha. De dheasca sin, tá na scúduithe mar gheall ar na tionscadail ollmhóra i bhfad níos casta, doimhne agus costasaí ar an mBord. Tá sé mar taithí ag an mBord go minic nach mbíonn an t-eolas ceart fós ag na forbróirí, a gcuid comhairligh, fiú amháin na húdaráis pleanála faoi nádúr an chórais atá i bhfeidhm agus ar an ngá chun eolas cruinn a chur faoi bhráid an bhoird mar thaca leis na beartaithe. Uaireanta is ábhar casta í an ceangail idir an Bord agus an EPA i gcásanna nuair a bhíonn ceadúnas IPPC nó dramhaíola i gceist chomh maith le cead pleanála agus tógadh cásanna dlí in aghaidh an Bhoird de bharr sin. Faoi latháir tá an cheist seo faoi athbhreithniú ag meitheal ón dhá eagraíocht chun moltaí a dhéanamh i dtreo go mbeadh an ceangal idir an dhá eagraíocht níos chomhtháite, éifeachtaí agus éifeachtúla.

TREORACHA AR CHÁILÍOCHT UISCE ÓN AE

Chomh maith leis na treoracha thuasluaite, tá and beidh impleachtaí móra ar fhorbairt sa todhchaí ag baint leis an Treoir Eorpach um Creatlach Uisce Aontas agus na treoracha a spreagann as. Is cuspóirí bunúsacha iad ag an Treoir chun truailliú uisce a sheachaint chomh maith le caighdeán uisce maithe a chur ar fáil agus caithfidh an Stát

cloí leis na rialacha seo. Chun cloí leis na Treoracha seo caithfear infheistíocht suntasach a dhéanamh sna háiseanna córas séarachais agus caithfear cead pleanála a dhiúlú i gcásanna a chuirfeadh caighdeán uisce i mbaol. Tá cosc cinnte i bhfeidhm gan cead a thabhairt do fhorbairtí a chuirfeadh ualach ró-throm ar an gcóras séarachais. Beidh tionchar mór ag na Rialúcháin Cuspóirí Comhshaoil (Uisce Dromchla) a bhí foilsithe le deánaí agus na Rialúcháin Cuspóirí Comhshaoil (Screamhuisc) a bheidh foilsithe ar ball ar forbairtí a bheadh mar baol chúis truailliú uisce. Beidh sé riachtanach ar na húdaráis áitiúla go mbeidh chomh-oibriú lena gcuid seirbhísí pleanála agus rannóga uisce ionas nach dtabharfaí cead pleanála do fhorbairtí a bheidh mar chúis laghdú caighdeán uisce. De réir an taithí atá faighte ag an mBord caithfidh a lán údaráis áitiúla scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar forbairtí le dramhaíl séarachais. Arís, tá easpa eolais le feiceáil faoi nadúr na dualgais a bhaineann le cúrsaí uisce.

CÚRSAÍ BUISÉID

Chomh maith leis na státseirbhísigh eile tá dúshlán mór ag an mBord i gcúrsaí buiséid faoi láthair. De réir na figiúirí atá ag an mBord tá laghdú suntasach ar an méid táillí agus ar foinsí ioncaim atá le fáil (ó €6.2m i 2008 go €5m measta i 2009). Tá gearradh siar curtha i bhfeidhm ar an deontas ón státchiste ó €15.1m i 2008 go €13.6m i 2009. De bharr sin beidh laghdú €2.7m ar ioncam an Bhoird ó na foinsí seo.

Is dócha go mbeidh an cás níos géire i 2010. Thug an Bord faoi ndeara go raibh gá ann airgead a shabháil agus dá bhrí sin tá gearradh siar suntasach curtha i bhfeidhm ar an gcaiteachas iomlán agus beidh sé riachtanach gearradh siar breise a dhéanamh i 2010 (Chaith an Bord €23.2m i 2008 agus faoi láthair meastar go mbeidh €20.6m caite i 2009).

I measc na ngearradh siar tá lánchosc lárnach i bhfeidhm ar daoine a fhostú agus tá na fostaí shealadacha imithe agus laghdú de bharr sin ar chostas párolla agus níos suntasaí, tá úsáid na comhairligh ‘táille gach cás’ beagnach críochnaithe. Bhíodh sé mar nós tradisiúnta ag an mBord úsáid a bhaint as an acmhainn solúbtha seo chun déileáil leis an méadú mór a tharla ar an méid cásanna agus, cé go bhfuil an Bord buíoch dos na comhairligh agus na hiarrachtaí a rinneadar le blianta anuas, de réir an laghdú cásanna agus na bacanna buiséid atá i bhfeidhm beidh na cigirí inmheánacha ag déileáil leis an gcuid is mó dos na cásanna sa todhchaí as seo amach. Ach, beidh an Bord ag baint úsáid as méid teoranta de na pleanálaithe ón údaráis áitiúla a bhfuil taithí cuí agus am acu.